541

M 87T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉARACHTA, 2002

# LÉANN CLASAICEACH - ARDLEIBHÉAL
**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna anseo ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe i dtrí ghrúpa mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II | : | Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III | : | Topaicí 8 go 10. |

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi CHEITHRE THOPAIC mar a leanas:
Ní mór topaic amháin a ghlacadh as **gach grúpa ar leith**, agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as **aon cheann** de an trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif, a mbíonn gá leo le ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, le fáil ar pháipéar, a bhfuil **X** marcáilte air, atá ina theannta seo.

## GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1.** **An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (a) Innis conas mar a buadh ar na Spartaigh ar oileán Sphacteria, agus mar a ghéill siad dos na hAithnigh. (40)

(b) Cén mhór-thábhacht straitéiseach a bhain na hAithnigh as an ghéilleadh Spartach seo? (10)

(ii) "An mí-chumas agus an útamáil dho-chreidte a ghabh leis – sin a loit an tsluaíocht agus a threascair an Aithin." (Bury agus Meiggs)

An tuairim seo faoi cheannasaíocht Nicias le linn Sluaíochta na Sicile a phlé. (50)

(iii) Dar leatsa cé hiad na cáilíochtaí a bhí ag Túicididéas a rinne sár-staraí de? Bíodh taca le do fhreagra le tagairtí ón téacs. (50)

(iv) (a) Tabhair cur síos ar Chath Mhantinea. (35)

(b) Cérbh iad na torthaí a bhain le bua na Spartach ag Mantinea? (15)

---

**Topaic 2.** **Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (a) Tabhair cuntas ar ghabháil agus ar lot na Téibhe ag Alastar. (35)

(b) Cén fáth meas tú gur chaith Alastar ar an chuma mhí-thrócaireach sin leis an Téibh? (15)

(ii) (a) Conas mar a tharla gur ag Iseas a troideadh an cath idir Alastar agus Dáirias? (15)

(b) Mínigh an fáth gur chuir Dáirias a chuid saighdiúirí i líne, mar a rinne sé. (15)

(c) Tabhair cuntas gairid ar imeachtaí an chatha. (20)

(iii) (a) Tabhair cuntas gearr ar an pháirt a bhí ag Hephaestion i saol Alastair. (25)

(b) Conas mar a chuaigh bás Hephaestion i bhfeidhm ar Alastar? Cad a cheapann tusa den chaoi ar iompair sé é féin ag an am? (25)

(iv) Dar leatsa cérbh na bunchúiseanna a chuidigh le scrios Impireacht na Peirse? Bíodh tacaíocht le do fhreagra le tagairtí ón téacsleabhar. (50)

---

**Topaic 3.** **An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Sa bhliain 60 R.Ch. d'aontaigh Caesar, Poimpéas agus Crassus lena chéile chun an Chéad Triúracht a bhunú.

(a) Déan cur síos ar na toscaí a bhí ina gcúlra don Chéad Triúracht sin. (15)

(b) Céard leis go raibh **gach duine** faoi seach díobh ag súil de bharr a dteacht le chéile? (15)

(c) Céard ba chúis faoi dheire leis an scoilt eatorthu, nó go raibh sé ina chogadh cathartha idir Caesar agus Poimpéas? (20)

(ii) (a) Ag tagairt dos na dánta ar do chursa, rianaigh cursa an ghrá idir Catullus agus Lesbia. (35)

(b) Céard tá le foghlaim ó na dánta seo maidir le tréithe Chatullus? (15)

(iii) Bhí baint ag Cicearó le polaitíocht, le hóráidí poiblí, leis an dlí; scríobh sé iliomad ábhair. Cérbh iad na nithe ba mhó dar chuir sé i gcríoch, dar leat?
Tabhair fáthanna le do fhreagra. (50)

(iv) (a) Cérbh iad na toscaí a bhain le dúnmharú Chaesair sa bhliain 44 R.Ch. ag Brutus agus Cassius? (25)

(b) Conas mar a chuireann Plútarc suntas agus drámaíocht lena chur síos ar bhás Chaesair? (25)

---

**Topaic 4. Na Staraithe na Rómhánacha. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (a) Tabhair gearr-chuntas ar shaol Thibéiriais sara rinne impire de sa bhliain A.D.14. (35)

(b) Dar leatsa, cén tionchar a bhí ag imeachtaí a óige ar iompar Thibéiriais níos deireannaí agus é ina impire? (15)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar éirí amach threibh Iceni faoin bhanríon Boudicca i gcoinne na Rómhánach sa Bhreatain sa bhliain A.D.61. (40)

(b) Cén fáth gur theip ar an éirí amach, dar leatsa? (10)

(iii) "Dar le Tacitus gur leis an chomhacht a truaillíodh na himpirí. Agus dar leis níorbh í an chomhacht amháin a bhí contúirteach ach grá na comhachta fosta." (Mellor)

Pléigh an ráiteas úd i bhfianaise **bheirt** impire ar do chursa. (50)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar shaol agus ar thréithe Agrippina, máthair an Impire Néaró. (40)

(b) Cén fáth gur shocraigh Néaró go marófaí í? (10)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) "...an dáiríreacht atá ina cuid bhunaidh den dráma oll-mhagúil seo, sin ceann de na cúiseanna lena chlú agus lena cháil." (Réamhfhocal, *Froganna*)
Pléigh an tuairim sin faoi *Froganna* Arastofainéis. (50)

(ii) Sa dráma *Proiméitiús faoi Laincis* déan comparáid idir an tslí ar bheartaigh Proiméitiús le hansmacht Shéais (Zeus), agus an tslí ar bheartaigh Oceanus agus Hermes le hansmacht Shéais. (50)

(iii) "Léirítear dúinn i ndráma tragóideach Shofaicléis deimhniú scéiniúil ar stádas for-íseal an duine sa chruinne; agus ag an am chéanna léirítear aisling laochmhar den bhua a bhíonn ag an duine briste buailte." (Knox)
Pléigh an tuairim sin maidir leis an dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (50)

(iv) Sa dráma *Méidia* le hEoiripidéas cérbh iad na sain-tréithe i bpearsantacht Iasóin a chuidigh leis an chríoch truamhéileach a bhí aige? Bíodh fáthanna agat mar chuidiú le do thuairimí. (50)

**Topaic 6.** **An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) San *Odaisé* le Hóiméar ón uair go bhfilleann Odaiséas ar Ithaca i Leabhar 13, nó go mbriseann an troid amach sa halla i Leabhar 22, cuirtear moill shuntasach sa ghníomhaíocht; ach ag an am chéanna éiríonn leis ár suim a chothú agus é ag cur leis an teannas diaidh ar ndiaidh.

Déan trácht ar an tuairim sin maidir leis an chuid sin den *Odaisé* ó Leabhar 13 go dtí Leabhar 22. (50)

(ii) Pléigh an tuairim faoin bhanríon Medb sa *Táin* gur bean níos comhachtaí agus níos tromchúisí ise ná bean ar bith san *Odaisé* **nó** san *Aeinéid*. (50)

(iii) "Go fírinneach, séard atá san *Aeinéid* ná omós an fhile dá thír dhúchais." (Camps)

Pléigh an tuairim sin agus cuir le do fhreagra le tagairtí do *Aeinéid* le Veirgil. (50)

(iv) (a) Pléigh an tábhacht atá san *Odaisé* ag Agaiméamnón agus ag a bhás, agus an tábhacht atá ag an díoltas bainte amach ag a mhac-san Orestes. (40)

(b) Cén fáth meas tú go mbaineann Hóiméar úsáid an-mhór as an scéal seo? (10)

**Topaic 7.** **Scríbhneóirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) (a) I gcuid filíochta Phropertius ar do chursa, cén dearcadh a léirítear maidir leis an bhás agus maidir leis an trodaíocht? (40)

(b) Céard a cheapann tú faoi dhearcadh an fhile ar an bhás? (10)

(ii) (a) Pléigh an réimse ábhar ar a dtráchtann Veirgil ins na sliochtanna ar do chursa. (40)

(b) Cén sliocht díobh is fearr leatsa? Bíodh fathanna le do rogha. (10)

(iii) (a) Cén fáth dar leatsa gur tarraingteach na dánta *An Leadránaí* agus *An Turas go Brundisium*? (40)

(b) Céard a léiríonn na dánta úd faoi Horáit féin? (10)

(iv) (a) Sa chuntas a thug Livias ar Chath Channae, cén pictiúr a léirítear de cheannasaíocht Hanabail, agus de Hanabal an fear féin? (40)

(b) An dóigh leat go raibh meas ag Livias ar Hanabal? Bíodh tagairtí ón téacsleabhar ag tacú le do fhreagra. (10)

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8.** **Ealaíon agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) Léirítear Teampall Apolló ag Coraint sa bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X**.
Léirítear Teampall 'C' ag Selinus sa bh**Fótagraf B**.

(a) Cén tréimhse in ailtireacht na Gréige lena mbaineann an dá theampall sin? (10)
(b) Cén t-ord in ailtireacht na Gréige inar tógadh iad? (10)
(c) Bain úsáid as na téarmaí ailtireachta cuí, agus mínigh na difríochtaí idir an dá theampall. (30)

(ii) Dearc ar an bh**Fótagraf C** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén cruth nó déanamh atá ar an vása sin? Cén aidhm a bhí ag a leithéidí? (15)
(b) Cén figiúr atá á léiriú ar an vása? (10)
(c) Tabhair cur síos ar chodanna éagsúla an vása. (25)

(iii) Dealbh den Ghailleach ag fáil báis a léirítear sa bh**Fótagraf D** ar **Pháipéar X**.

(a) Cé hiad na slite ina bhfuil an dealbh seo de réir chineáil ar a dtugtar dealbhadóireacht Heilléiníoch? (30)
(b) Mínigh conas mar atá an dealbhadóireacht Heilléiníoch éagsúil le dealbhadóireacht ón ré Clasaiceach. (20)

(iv) Léirítear giota as fríos an Phartanóin sa bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X**.

(a) Cá háit sa Phartanóin inar cuireadh an fríos? (5)
(b) Cén téama a ghabhann leis na deilbh ar fríos an Phartanóin? (10)
(c) Conas mar a d'éirigh leis an dealbhóir éagsúlacht a chruthú sa ghiota atá á léiriú anseo? (20)
(d) Caidé mar atá an dealbh seo Clasaiceach ach go háirithe? (15)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shocraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) " '…dhá rud a loisceann agus a lobhann an chuid eile den lucht oibre.'
'Cé hiad?'
'Saibhreas agus bochtanas,' arsa mise." (Platón, *an Phoblacht*)

(a) Dar le Socraitéas, cén slí ina loisceann saibhreas agus bochtanas an lucht oibre? (30)

(b) Má chuirtear ina choinne seo is a rá nach féidir le stát gan mhaoin troid in aghaidh naimhde comhachtacha saibhre, conas mar a phléann Socraitéas é sin? (20)

(ii) (a) Ag tagairt dos na téacsanna dualgais dá bhfuil léite agat, déan tréithe Dhíon a mheas. (35)

(b) Dar leatsa, conas mar a chuir sé lámh ina thurnamh féin? (15)

(iii) (a) De réir mar a thuigeann tú samhlaoid Chaptaein na Loinge, agus samhlaoid an Ainmhí Mhóir Chomhachtaigh, cé hiad na cúiseanna atá ag Platón i gcoinne an daonlathais? (40)

(b) An bhfuil na cúiseanna sin bailí, meas tú? Bíodh fáthanna le do fhreagra. (10)

(iv) Deirtear gur beag le Platón nádúr an duine, agus é ag eagrú an stáit idéalaigh. Pléigh an tuairim sin. (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **aon dá cheann** ar bith de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú 50 marc gach ceist):-

(i) "An vile oll-mhór a thóg Haidrian, ag síneadh le míle trasna na gcnoc ag bun Tivoli, ba í an ceann ba rabarnaí agus ba chostaisí de pháláis na Róimhe faoin tuaith." (Wheeler)

Sa bh**Fótagraf F** ar **Pháipéar X** léirítear plean de chuid den vile úd.

(a) Tabhair cur síos ar phríomh-ghnéithe an phleain sin. (25)

Sa bh**Fótagraf G** ar **Pháipéar X** léirítear mion-samhail chruthaithe den vile ar fad.

(b) Déan trácht ar chuid **amháin eile** den vile. (15)

(c) Cén t-eolas faoi Haidrian atá le gnóthú ón vile sin? (10)

(ii) Dearc ar an phlean de bhaile Ostia sa bh**Fótagraf H** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh na gnéithe ar a bhfuil aa, d, e, f. (16)

(b) Tabhair cuntas gearr ar an bhfóram ag Ostia. (20)

(c) Dar le tuairisc Wheeler, cá bhfuil fianaise gurb í Ostia calafort na Róimhe tráth? (14)

(iii) Ins na **Fótagrafanna I** agus **J** ar **Pháipéar X** léirítear balla-phictiúirí as Teach Iúlia Felix ag Pompeii.

(a) Tabhair cur síos ar an dá phictiúr. (15)

(b) Cé acu is fearr leat? Bíodh mion-fháthanna le do rogha. (20)

(c) Scríobh cuntas gairid ar stíl **ar bith eile** den phéintéireacht ar ballaí a thaitin leis na Rómhánaigh. (15)

(iv) (a) Ainmnigh an foirgneamh atá á léiriú sa bh**Fótagraf K** ar **Pháipéar X** agus abair cén fáth gur tógadh é. (10)

(b) "Tá na scáthláin snoite ar an taobh amuigh le figiúirí ar thomhas nádúrtha." (Wheeler)

Cé hiad na figiúirí atá á léiriú ar na scáthláin? (10)

(c) "Deirtear go bhfuil 'cuma fhuar' ar na rilífeanna." (Wheeler)

Cé hiad na fáthanna dar le Wheeler nach féidir leis aontú leis an dearcadh sin go bhfuil 'cuma fhuar' ar na rilífeanna? (30)